CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2021/815 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Bealtaine 2021

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/450/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/450/CBES ón gComhairle an 10 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/423/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 6 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/450/CBES.

(2) An 5 Márta 2021, d'fhormheas Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1591(2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe duine amháin a bhaint de liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Bealtaine 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. SANTOS SILVA

([1]) IO L 203, 11.7.2014, lch. 106.

IARSCRÍBHINN

Sa liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES, scriostar an iontráil a bhaineann leis an duine seo a leanas:

3. **SHAREIF, Adam**.